



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Scéim Teanga 2017-2020

Ábhar

Caibidil 1:	Réamhrá agus Cúlra	3
Caibidil 2:	Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall	4
Caibidil 3:	Teangacha ina soláthraítear Seirbhísí faoi láthair.....	6
Caibidil 4:	Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....	8
Caibidil 5:	Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge i Limistéir Ghaeltachta	10
Caibidil 6:	Ag Feabhsú Cumas Teanga	11
Caibidil 7:	Faireachán agus Athbhreithniú	13
Caibidil 8:	Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	14

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla,

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'éisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuí.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall á threorú ag an phrionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuir gach duine a bhfuil baint acu leis an phróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 01 Feabhra 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

2.1 Sainordú agus Misean

Ráiteas Misin

Deiseanna foghlama inrochtana, uileghabhálacha agus iomlánaíocha a chur chun cinn, a thairiscint agus a chothú, deiseanna a chuirfidh ar chumas daoine óga agus daoine fásta iad féin a chumasú lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh sa tsochaí.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin Acht Um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Is é sainchúram reachtúil an Bhoird seirbhísí oideachais agus oiliúna (agus gaolmhara) dara leibhéal, leanúnacha, aosaigh agus pobail a chur ar fáil do phobal Dhún na nGall.

Ar bhonn geografach, síneann cúram an Bhoird ó Mhálainn sa taobh ó thuaidh go Bun Dobhráin sa taobh ó dheas, Árainn Mhór agus Toraigh san iarthar agus An Charraig san iardheisceart. Tá Dún na nGall suntasach sa mhéid is go bhfuil an contae ag críochantacht leis an Aigeán Atlantach ar an taobh thiar, le contaetha Dhoire, Fhear Manach agus Thír Eoghain sa taobh thoir agus le Contae Liatroma ar an taobh ó dheas agus gan ach teorainn de 20 ciliméadar ag an chontae leis an Stát.

Cuireann an Bord réimse leathan de sheirbhísí oideachasúla ar fáil sna limistéir thuasluaite. I measc na seirbhísí oideachasúla sin tá oideachas dara leibhéal, lánaimseartha i 15 Scoil/Coláiste Iar-bhunoideachais, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin, trí cinn déag d'ionaid atá dírithe go hiomlán ar Bhreisoideachas & Oiliúint d'Aosaigh, lonnaithe in áiteanna éagsúla ar fud an chontae agus soláthar do dhaoine fásta i mórán scoileanna agus in ionaid pobail.

Fríd a Chlár um Sheirbhísí don Óige, tugann an Bord tacaíocht do Ghrúpaí Óige deonacha, Tionscadail Áitiúla don Óige agus Seirbhísí don Óige ar mhaithe le cláracha oideachais, forbraíochta agus caitheamh aimsire a chur ar fáil don aos óg.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall lándáiríre faoi sheirbhísí oideachasúla agus seirbhísí gaolmhara den chaighdeán is airde agus atá bunaithe ar chomhpháirtíocht, a chur ar fáil le freastal ar riachtanais oideachais na bpobal i nDún na nGall.

2.2 Custaiméirí agus Páirtithe Leasmhara

Tá tionchar ag iarmhairtí na hoibre a dhéanann an Bord ar chuid mhór daoine, ó dhaltáí dara leibhéal, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, foghlaimeoirí fásta, foghlaimeoirí athdheise, pobail áitiúla, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí faoin tuath agus i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Ach is iad seo a leanas eochairpháirtithe leasmhara agus custaiméirí an Bhoird:

- Foghlaimeoirí Fásta, Daoine faoi oiliúint agus Printísigh
- Bord agus Coistí (Baill)
- Pobail ar fud an chontae
- Fostaithe an Bhoird
- Eagraíochtaí Ionadaíochta na bhFostaithe
- Ranna Rialtais agus Grúpaí Gaolmhara
- Údaráis Áitiúla Páirtnéirí Sóisialta, ar a n-áirítear ionadaithe ón earnáil phobail agus dheonach agus fostaithe
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Mic Léinn agus/nó a dtuismitheoirí
- An Roinn Oideachais & Scileanna
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Iarthuaisceart)
- Eagraíochtaí Deonacha, Óige agus Spóirt

2.3 Réimsí Feidhmiúla an Bhoird

Is iad seo a leanas réimsí feidhmiúla an Bhoird:-

a) Ról Seachtrach

- Ionaid Bhreisoideachais & Oiliúna d'Aosaigh
- Seirbhís Threorach d'Fhoghlaimeoirí Fásta
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Seirbhísí um Oideachas Bunúsach
- Lárionad Oideachais, Leitir Ceanainn
- Seirbhísí Oideachais Pobail
- Oiliúint ar Conradh
- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall
- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin
- Scoileanna & Coláistí Dara Leibhéal
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
- Seirbhísí don Aos Óg
- Ógtheagmháil

b) Aonaid Tacaíochta Inmheánacha

- Rannóg na Seirbhísí Corpóraideacha
- Rannóg Bainistíochta Eastát
- Rannóg Airgeadais
- Rannóg na nAcmhainní Daonna
- Aonad TF

Caibidil 3: Teangacha ina soláthraítear Seirbhísí faoi láthair

Déanann an chaibidil seo cur síos ar an soláthar seirbhíse i(n) Scoileanna/gColáistí/Ionaid aonair laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

3.1 Liosta d'Earnálacha an Bhoird atá ag soláthar seirbhísí i nGaeilge

Oibríonn na Scoileanna/Coláistí/hIonaid seo a leanas faoi choimirce Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall trí mheán na Gaeilge agus mar gheall air sin cuireann siad seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge, agus leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh amhlaidh le linn shaolré na Scéime seo, ach amháin má iarrann custaiméirí/cliainnt orthu go sonrach a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil dóibh trí mheán an Bhéarla:-

- Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha
- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
- Coláiste Pobail Cholmcille, Oileán Thoraí
- Gairmscoil Chú Uladh, Béal An Átha Móir
- Gairmscoil Mhic Diarmada, Oileán Árainn Mhóir
- Ionad Oideachais Aosaigh, Gort an Choirce

3.2 Liosta d'Earnálacha an Bhoird atá ag soláthar seirbhísí i nGaeilge agus i mBéarla

Seo a leanas liosta d'Ionaid/de Choláistí/Scoileanna laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall atá ábalta seirbhís a chur ar fáil sa teanga oifigiúil is rogha don chustaiméir:-

Ionaid Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh

- Baile Dhún na nGall
- Gaoth Dobhair
- Leitir Ceanainn
- Baile na nGallóglach

Seirbhís Threorach d'Fhoghlaimeoirí Fásta

- Leitir Ceanainn

Seirbhísí um Oideachas Bunúsach

- I limistéir Ghaeltachta

Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Pobail

- I limistéir Ghaeltachta

Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal

- Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall
- Coláiste na Carraige, An Charraig
- Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth
- Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn

Oifigí Riaracháin, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn

- Seirbhísí Corporáideacha
- Acmhainní Daonna

3.3 Liosta d'Earnálacha an Bhoird atá ag soláthar seirbhísí i mBéarla amháin faoi láthair

Seo a leanas liosta de Scoileanna/Choláistí/d'Ionaid laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna nach bhfuil ábalta seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair, cé go bhfuil siad ag obair le cumas Gaeilge na mball foirne a fheabhsú.

Ionaid Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh

- Béal Átha Seanaidh
- Bun Cranncha
- Lárionad Oideachais, Leitir Ceanainn
- Leitir Ceanainn (BTEI agus SDOG)
- Ógtheagmháil Leifir

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin

Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal

- Coláiste Mhaigh Éne, Bun Dobhráin
- Coláiste na Maoile Rua, Baile na nGallóglach
- Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir
- Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga
- Coláiste Cranncha, Bun Cranncha
- Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Bun an Phobail

Oifigí Riaracháin, Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn

- Bainistíocht Eastát
- Rannóg Airgeadais

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Mar aon leis na riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, leagann an chaibidil seo amach na gealltanais a thug Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge agus ar an chumarsáid leis an phobal trí mheán na Gaeilge.

Modh Cumarsáide leis an Phobal

4.1 Fógraí Béil

Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. Beannófar custaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla (*faoi réir stádas gach earnála faoi mar atá mionsonraithe in Caibidil 3*). Cuirfear liosta cothrom le dáta ar fáil de na baill foirne atá ábalta seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.

Tabharfaidh baill foirne dátheangacha le fios do chustaiméirí go bhfuil siad toilteanach freastal orthu i nGaeilge, más gá. Beidh beannachtaí pearsanta teileafóin réamhthairfeadta go dátheangach ag na baill foirne sin.

Faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.

Beidh 20% d'fhógraí beo dátheangach.

Go leanúnach

4.2 Cumarsáid Scríofa

Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na bileoga eolais agus de na bróisiúir is mó úsáid ar fáil.

Faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.

Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na foirmeacha iarratais is mó úsáid ar fáil.

Go leanúnach

Cuirfear gach foirm iarratais úr ar fáil i nGaeilge, nó go dátheangach.

Ó thús na Scéime

4.3 Na Meáin Chumarsáide

Eiseofar gach preasráiteas go dátheangach. Beidh sé mar chuspóir againn an t-ábhar sin a eisiúint ag an am céanna.

Go leanúnach

Beidh urlabhraí/urlabhraithe Gaeilge ar fáil le haghaidh agallamh leis na meáin Ghaeilge.

Go leanúnach

Beidh 10% den ábhar in óráidí Béarla i nGaeilge. Táthar ag súil le go n-áireoidh sé sin ar a laghad beannachtaí ag tús agus ag deireadh óráidí mar aon le tagairtí i nGaeilge anois is arís don ábhar agus/nó don ócáid atá i gceist.

Go leanúnach

B'fhéarr linn dá mbeadh óráidí a bhaineann leis an Ghaeltacht/a thugtar sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin, agus dá gcuirfí achoimre ar fáil i mBéarla ina ndiaidh más gá do dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu a

Go leanúnach

d'fhéadfadh a bheith i láthair.

4.4 Teicneolaíocht Faisnéise

Foilseoidh muid seoladh ríomhphoist ar leith le haghaidh fiosrúchán i nGaeilge ar láithreá(i)n g(h)réasáin an chomhlachta poiblí.

Ó thús na Scéime

Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist ar nós fógraí séanta dátheangach.

Ó thús na Scéime

Beidh an t-ábhar statach ar láithreán gréasáin Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar fáil go dátheangach. Beidh nasc ón leathanach sa leagan Béarla den láithreán gréasáin chuig an leathanach cuí sa leagan Gaeilge. Forbrófar leathanach Gaeilge ar an inlíon agus áireoidh sé sin buntreoracha maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil.

Faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim seo.

Faoi dheireadh na Scéime seo.

Beidh an t-ábhar statach ar aon láithreán gréasáin tánaisteach de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ar fáil go dátheangach.

Ó thús na Scéime

Beidh aon ríomhchóras úr a shuiteálfar ábalta an Ghaeilge a láimhseáil.

Cuirfear aon seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha a fhorbróidh an comhlacht poiblí é féin ar fáil go dátheangach. Cuirfear gach seirbhís ar líne agus idirghníomhach ar fáil ar bhonn dátheangach.

Ó thús na Scéime

Áireoidh láithreán gréasáin Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall ráiteas dátheangach ón Phríomhfheidhmeánach ag dearbhú dhiongbháilteacht an Bhoird maidir le cur i bhfeidhm na ngealltanais a tugadh i scéim teanga an Bhoird.

Ó thús na Scéime

Ó thús na Scéime

Má dhéanann an Bord cinneadh maidir le sluán ag dáta éigin amach anseo, beidh a leithéid de shluán dátheangach.

4.5 Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall formhór a chruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Mar sin féin, tá sé mar pholasáí ag an Bhord go reáchtálfar aon chruinnithe poiblí a thionólfar sa Ghaeltacht, nó a bhaineann le saincheistanna Gaeltachta, trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach. Maidir le cruinnithe poiblí a bhaineann le saincheistanna Gaeilge i gcoitinne, d'fhéadfaí a leithéid de chruinnithe a reáchtáil trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach.

Go leanúnach

Go leanúnach

Fáilteofar roimh thuairimí i nGaeilge nó i mBéarla ag cruinnithe poiblí arna n-eagrú ag an chomhlacht poiblí nó thar a cheann.

Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge i Limistéir Ghaeltachta

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i nGaeilge i limistéir Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta.

5.1 Gealltanais i Limistéir Ghaeltachta

Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, i ngach bealach is féidir leis, le foireann teagaisc a cheapadh atá ábalta na roghanna iomlána ábhar curaclaim a chur ar fáil go héifeachtach trí mheán na Gaeilge. Déanann an Bord agus an Príomhfheidhmeannach faireachán agus mionscrúdú ar na Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i limistéir Ghaeltachta (arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2015) agus ar fhorbairtí breise sa réimse sin.

Tá an Bord tiomanta do gach rud is féidir leis a dhéanamh le Gaeltacht Dhún na nGall a chothú agus a neartú agus déanfaidh sé gach iarracht lena chinntiú go gcuirfear gach seirbhís a bhaineann leis an Ghaeltacht ar fáil trí mheán na Gaeilge, ag tosú le linn na chéad bhliana dá scéim teanga.

5.2 Oifigí atá lonnaithe sa Ghaeltacht

Is í an Ghaeilge an teanga oibre i bhformhór na n-oifigí de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall atá lonnaithe sa Ghaeltacht, faoi mar a ndéantar tagairt dóibh in Caibidil 3, Paragraf 3.1.

3.1 Liosta d'Earnálacha an Bhoird atá ag soláthar seirbhísí i nGaeilge

- Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha
- Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
- Coláiste Pobail Cholmcille, Oileán Thoraí
- Gairmscoil Chú Uladh, Béal An Átha Móir
- Gairmscoil Mhic Diarmada, Oileán Árainn Mhóir
- Ionad Oideachais Aosaigh, Gort an Choirce

Oibreoidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall de réir a chéile chun an Ghaeilge a bheith mar theanga oibre in oifigí atá lonnaithe sa Ghaeltacht faoi dheireadh an dara Scéim.

Tá sé mar pholasaí ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall riarthóirí agus gach fostóir eile a cheapadh ina chuid Scoileanna/Coláistí/Ionad Gaeltachta a bheidh ábalta freastal ar dhaoine den phobal ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an Bhord trí mheán na Gaeilge.

Cuirfear na cáipéisí uilig a bhaineann le limistéir Ghaeltachta ar fáil i nGaeilge amháin, nó go dátheangach agus féachfaidh an Bord le gach cruinniú dá chuid atá dírithe ar phobal na Gaeltachta a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.

Leis na hiarrachtaí sin agus seirbhís éifeachtach trí mhéan na Gaeilge i ngach Scoil/Coláiste/Ionad a éascú, iarrfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall cead agus maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna le Timire Gaeilge a cheapadh, duine a mbeidh na cailíochtaí, an t-eolas agus na scileanna cuí aige/aici.

Caibidil 6: Ag Feabhsú Cumas Teanga

6.1 Earcú agus Roghnú

Is é an príomhbhealach le barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge ná baill foirne a earcú a mbeidh an leibheál cuí inniúlachta Gaeilge acu i ngach réimse d'obair Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Tá ár bpolasaí earcaíochta faoi réir chreat na nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta earcaíochta agus beidh aird ag an pholasaí sin ar an ghá le cumas Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Ó thús na Scéime seo, tabharfar paca ionductúcháin do gach ball foirne úr agus beidh cóip dár scéim chomhaontaithe ann lena chinntiú go gcuirfear ar an eolas iad faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

Áireoidh foirmeacha iarratais ceist maidir le cumas Gaeilge an iarratasóra.

Beidh agallaimh ar fáil trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla, a fhad is go dtabharfaidh an t-iarrthóir a rogha teanga le fios roimh ré. Ní bheidh an rogha teanga sin amhlaidh i gcásanna ina bhfuil Gaeilge ina gné riachtanach le haghaidh poist áirithe; réachtálfar an t-agallamh trí mheán na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil leibhéal leordhothánach Gaeilge ag an iarrthóir a roghnófar.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne le freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, ag brath ar acmhainní. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna lena gcumas Gaeilge a fheabhsú.

Tairgfear forbairt ghairmiúil leanúnach chuí, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, do bhaill foirne an Bhoird le hiad a spreagadh lena gcumais Ghaeilge a fheabhsú.

Cuirfear deiseanna ar fáil le hinniúlacht Ghaeilge na mball foirne a fhorbairt. I gcomhar le lucht soláthair oideachais Gaeilge, déanfar socrúithe cuí le haghaidh soláthar oiliúna agus teastasaithe Gaeilge le:

- tacú le baill foirne lena n-inniúlacht Ghaeilge a choinneáil agus a fhorbairt,
- feabhas a chur ar acmhainn na mball foirne maidir le freastal ar oibleagáidí Gaeilge a gcuid dualgas, agus
- córas tástála inniúlachta creidiúnaithe a chur ar fáil do bhaill foirne.

Éascófar rochtain ar eolas ar acmhainní teanga. Cuirfear baill foirne ar an eolas fá dtaobh d'acmhainní ar nós: www.tearma.ie, www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.abair.ie agus www.potafoical.com, mar aon le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge – Béarla Uí Dhónaill.

Spreagfar baill foirne le páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha agus teanga.

Beidh baill foirne ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh - ag tairiscint seirbhísí i nGaeilge don phobal go réamhghníomhach.

Tá roinnt Polasaithe Oiliúna agus Forbartha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le haghaidh poist éagsúla le baill foirne a éascú agus a spreagadh le cur isteach ar mhaoiniú le haghaidh cúrsaí ar nós Dioplómaí agus Céimeanna sa Ghaeilge, cúrsaí aistriúcháin, cúrsaí i labhairt agus i scríobh na Gaeilge, agus cúrsaí eile nach iad, a chuirfeadh go mór le hacmhainn lucht bainistíochta agus na foirne riaracháin le hardleibhéal seirbhíse a thairiscint i nGaeilge.

Anailís Riachtanas agus Measúnú

Laistigh den chéad bhliain den Scéim seo, déanfar suirbhé ar na baill foirne le fáil amach cén leibhéal inniúlachta Gaeilge atá ag foireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Iarrfar ar bhaill foirne a leibhéal Gaeilge, idir labhairt agus scríobh a rangú, trí rogha a dhéanamh idir roinnt roghanna. Tabharfar deis dóibh fosta lena suim a léiriú i ndeiseanna oiliúna amach anseo.

6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Sainíodh poist sna scoileanna/coláistí/hionaid atá mionsonraithe in Caibidil 3, Paragraf 3.1 mar phoist a bhfuil riachtanas inniúlachta Gaeilge ag baint leo.

Tá sé beartaithe go mbeidh an inniúlacht chúí Ghaeilge ag sealbhóirí na bpost sin ionas go mbeidh siad ábalta dualgais na bpost a chomhlíonadh go sásúil trí mheán na Gaeilge de réir mar is gá.

I measc na bpost sin tá:

- Riarthóirí
- Maoir
- Comhordaitheoirí
- Leas-phríomhoidí
- Stiúrthóirí
- Bainisteoirí
- Príomhoidí
- Múinteoirí

Agus na poist sin á sainiú, cuirtear san áireamh cé acu tá na poist lonnaithe i limistéir Ghaeltachta nó taobh amuigh ach i limistéar a bhfuil pobal Gaeltachta agus/nó pobail Ghaeilge mar pháirt mhór dá mbonn custaiméirí.

Caibidil 7: Faireachán agus Athbhreithniú

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, a F(h)oireann Ardbhainistíochta agus aon duine/daoine ainmnithe eile faireachán agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime.

Aidan Mc Closkey, Oifigeach Oibríochtaí Acmhainní Daonna, is ea an teagmhálaí maidir leis an scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil le faireachán a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus taifeadfar é sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar an scéim a phoibliú go hinmheánach agus go seachtrach trí phreasráiteas i dtús báire. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus scaipfear chuig gach ball foirne é (mar aon leis an Treoirleabhar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla) agus chuig gach gníomhaireacht chuí. D'fhéadfaí bealaí eile a úsáid leis an scéim a phoibliú fosta.

Ina theannta sin, tapóidh muid gach deis agus muid ag plé le custaiméirí ó lá go lá leis na seirbhísí a chuireann muid ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus le hiad a phoibliú trí na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha gur féidir gnó a dhéanamh linn trí mheán na Gaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt i bhfáiltithe ag tabhairt le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- tabhairt le fios i dtreoirlínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge, mura bhfuil siad curtha ar fáil go dátheangach;
- comhionannas a thabhairt d'fhoilseacháin agus d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla;
- cur chun cinn na Gaeilge ar an láithreán gréasáin corparáideach .

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge den scéim seo an leagan oifigiúil.